Cosain tú féin in aghaidh M-bholgach

Is ionfhabhtú víreasach é **M-bholgach** a scaiptear mar thoradh ar dhlúth-theagmháil idir daoine, lena n-áirítear teagmháil ghnéasach.

26 000

Tharla an chéad ráig mhór de M-bholgach san Eoraip agus ar fud an domhain in 2022. Ó 2022 i leith, tuairiscíodh os cionn 26 000 cás san Aontas Eorpach.

Siomptóim

Go minic bíonn meascán de shiomptóim mar thoradh ar M-bholgach, lena n-áirítear:

- Fiabhras nó crithfhuacht
- Tinneas cinn
- Tnáitheadh
- Pian droma agus cráphianta matáin
- Gríos craicinn nó spuaiceanna

Conas a scaiptear M-bholgach?

Teagmháil ó dhuine go duine

San Eoraip, bhí na cásanna M-bholgaí is déanaí le tabhairt faoi deara i measc fear a mbíonn gnéas acu le fir, rud a thugann le tuiscint go scaiptear M-bholgach le linn teagmhála gnéis.

Aimhréidheanna

Tagann formhór na ndaoine a fhaigheann M-bholgach chucu féin gan aon aimhréidh, ach d'fhéadfadh sé gur ghá iad siúd a bhfuil siomptóim dhiana orthu a chur san ospidéal.

Cén fáth a ndéantar vacsaíniú?

Is féidir leis an vacsaíniú M-bholgach agus na haimhréidheanna a ghabhann léi a chosc

Labhair le do dhochtúir chun comhairle ghinearálta a fháil agus chun eolas a fháil maidir le hincháilitheacht le haghaidh vacsaínithe in aghaidh M-bholgach

Scan an cód QR chun tuilleadh eolais a fháil ar Thairseach Faisnéise an Aontais um Vacsaíniú

vaccination-info.europa.eu/en

TAIRSEACH FAISNÉISE EORPACH MAIDIR LE VACSAÍNIÚ
Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh